**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0381/2023**

30.11.2023

# ***I
# TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear agus lena gceartaítear Treoir 2005/36/CE a mhéid a bhaineann le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí gairmiúla altraí atá freagrach as cúram ginearálta a cuireadh faoi oiliúint sa Rómáin
(COM(2023)0502 – C9-0324/2023 – 2023/0307(COD))

An Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra

Rapóirtéir: Adam Bielan

## *Eochair do na siombailí a úsáidtear*

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

## *Leasuithe ar dhréachtghníomh*

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad líne agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó trí líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

## CLÁR

**Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ........................................................................................................15

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR ........................................................................................................................16

AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH ..................................................................17

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH........18

## DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear agus lena gceartaítear Treoir 2005/36/CE a mhéid a bhaineann le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí gairmiúla altraí atá freagrach as cúram ginearálta a cuireadh faoi oiliúint sa Rómáin**
**(COM(2023)0502 – C9-0324/2023 – 2023/0307(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0502),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagail 46, 53(1) agus 62 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0324/2023),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 25 Deireadh Fómhair 2023[1],

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (A9-0381/2023),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

[1] nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh treorach**
**Teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Togra le haghaidh | Togra le haghaidh |
| TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE | TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE |
| lena leasaítear agus lena gceartaítear Treoir 2005/36/CE a mhéid a bhaineann le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí gairmiúla altraí atá freagrach as cúram ginearálta a cuireadh faoi oiliúint sa Rómáin | lena leasaítear agus lena gceartaítear Treoir 2005/36/CE a mhéid a bhaineann le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí gairmiúla altraí atá freagrach as cúram ginearálta a cuireadh faoi oiliúint sa Rómáin |
| (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) | (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) Altraí atá freagrach as cúram ginearálta nár chomhlíon a n-oiliúint na híoscheanglais faoi Threoir 2005/36/CE agus ar cuireadh tús lena n-oiliúint roimh aontachas na Rómáine leis an Aontas, is féidir leo leas a bhaint as aitheantas faoi Airteagal 33a de Threoir 2005/36/CE má chomhlíonann siad na ceanglais a shonraítear ann. ***Mura gcomhlíontar na ceanglais sin, déanann an Ballstát óstach an t-iarratas ar aitheantas a mheasúnú faoin gcóras ginearálta aitheantais i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Threoir 2005/36/CE.*** | (2) Altraí atá freagrach as cúram ginearálta nár chomhlíon a n-oiliúint na híoscheanglais faoi Threoir 2005/36/CE agus ar cuireadh tús lena n-oiliúint roimh ***dháta*** aontachas na Rómáine leis an Aontas ***Eorpach***, is féidir leo leas a bhaint as aitheantas faoi Airteagal 33a de Threoir 2005/36/CE má chomhlíonann siad na ceanglais a shonraítear ann. |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) ***Níl aon tagairt shonrach*** d'***Airteagal 33a*** de Threoir 2005/36/CE in ***Airteagal 10(b) de bharr earráide. Chun a shoiléiriú*** go bhfuil ***feidhm ag Airteagail 10*** go 14 de Threoir 2005/36/CE i gcás nach gcomhlíonann an t-altra na ceanglais ***faoi*** Airteagal 33a, ba cheart ***an earráid*** sin a ***cheartú***. | (3) ***Tá aitheantas tugtha ag líon suntasach Ballstát óstach do cháilíochtaí gairmiúla altraí arna n-oiliúint sa Rómáin nach gcomhlíonann na ceanglais faoi Airteagal 33a de Threoir 2005/36/CE faoin gcóras ginearálta chun oiliúint fhianaiseach a aithint in Airteagail 10 go 14 den Treoir sin. Rinneadh é sin bunaithe ar an tuiscint go bhféadfadh altraí arna n-oiliúint sa Rómáin leas a bhaint as an gcóras ginearálta sin ar an mbealach céanna le haltraí atá freagrach as cúram ginearálta nach bhfuil oilte sa Rómáin agus nach gcomhlíonann ceanglais Airteagal 33 den Treoir sin. Chun na cearta faighte sin a chosaint agus chun ionchais dhlisteanacha a chaomhnú, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú i ndáil leis an aitheantas sin do cháilíochtaí gairmiúla altraí arna n-oiliúint sa Rómáin nach gcomhlíonann na ceanglais*** d'***Airteagal 33(a)*** de Threoir 2005/36/CE in ***aon cheann dá leaganacha éagsúla a bheidh infheidhme*** go ***dtí teacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo, go*** bhfuil ***an t-aitheantas bailí. Ina theannta sin, chun an tsoiléireacht agus an deimhneacht dhlíthiúil a fheabhsú*** go ***gcuirfear an measúnú de bhun Airteagail 10 go*** 14 de Threoir 2005/36/CE i ***bhfeidhm i*** gcás nach gcomhlíonann an t-altra na ceanglais ***faoin*** Airteagal ***nua*** 33a, ba cheart ***tagairt shonrach don Airteagal nua*** sin a ***áireamh i bpointe (b) d'Airteagal 10 amach anseo***. |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 2005/36/CE a leasú ***agus a cheartú*** dá réir | (10) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir |

| | |
|---|---|
| sin, | 2005/36/CE a leasú dá réir sin, |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Leasaítear ***agus ceartaítear*** Treoir 2005/36/CE mar a leanas: | Leasaítear Treoir 2005/36/CE mar a leanas: |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2**
Treoir 2005/36/CE
Airteagal 33 a – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. A mhéid a bhaineann leis an gcáilíocht Rómánach mar altra atá freagrach as cúram ginearálta, ní bheidh feidhm ach ag na forálacha maidir le cearta faighte a leagtar síos i ***míreanna 2 agus 3***. | 1. A mhéid a bhaineann leis an gcáilíocht Rómánach mar altra atá freagrach as cúram ginearálta, ní bheidh feidhm ach ag na forálacha maidir le cearta faighte a leagtar síos i ***mír 2***. |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2**
Treoir 2005/36/CE
Airteagal 33a – mír 2 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. I gcás náisiúnach ó Bhallstáit ar cuireadh oiliúint orthu mar altra atá freagrach as cúram ginearálta sa Rómáin agus nach gcomhlíonann a gcuid oiliúna na híoscheanglais oiliúna a leagtar síos in Airteagal 31, tabharfaidh na Ballstáit aitheantas ***d’aon cheann den fhianaise seo a leanas ar cháilíochtaí foirmiúla mar altra atá freagrach as cúram ginearálta*** | 2. I gcás náisiúnach ó Bhallstáit ar cuireadh oiliúint orthu mar altra atá freagrach as cúram ginearálta sa Rómáin agus nach gcomhlíonann a gcuid oiliúna na híoscheanglais oiliúna a leagtar síos in Airteagal 31, tabharfaidh na Ballstáit aitheantas: |

***mar chruthúnas leordhóthanach, ar an gcoinníoll go bhfuil deimhniú ag gabháil leis an bhfianaise sin ina luaitear go raibh na náisiúnaigh sin as na Ballstáit ag gabháil go héifeachtach agus go dleathach do ghníomhaíochtaí altra atá freagrach as cúram ginearálta sa Rómáin, lena n-áirítear freagracht iomlán a ghlacadh as cúram altranais othar a phleanáil, a eagrú agus a chur i gcrích, ar feadh tréimhse 3 bliana as a chéile ar a laghad sna 5 bliana roimh dháta eisiúna an deimhnithe***:

***(a) aon cheann den fhianaise seo a leanas ar cháilíochtaí foirmiúla mar altra atá freagrach as cúram ginearálta, ar an gcoinníoll go bhfuil deimhniú ag gabháil leis an bhfianaise sin ina luaitear go raibh na náisiúnaigh sin as na Ballstáit ag gabháil go héifeachtach agus go dleathach do ghníomhaíochtaí altra atá freagrach as cúram ginearálta sa Rómáin, lena n-áirítear freagracht iomlán a ghlacadh as cúram altranais othar a phleanáil, a eagrú agus a chur i gcrích, ar feadh tréimhse 3 bliana as a chéile ar a laghad sna 5 bliana roimh dháta eisiúna an deimhnithe:***

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2**
Treoir 2005/36/CE
Airteagal 33a – mír 2 –pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (***a***) Certificat de competențe profesionale de asistent medical generalist le hoideachas iar-mheánscoile a fuarthas ó școală postliceală, ina bhfianaítear go bhfuarthas oiliúint ar cuireadh tús léi roimh an 1 Eanáir 2007; | (***i***) Certificat de competențe profesionale de asistent medical generalist le hoideachas iar-mheánscoile a fuarthas ó școală postliceală, ina bhfianaítear go bhfuarthas oiliúint ar cuireadh tús léi roimh an 1 Eanáir 2007; |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2**
Treoir 2005/36/CE
Airteagal 33a – mír 2 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (***b***) Diplomă de absolvire de asistent medical generalist le staidéar ardoideachais gearr-ama, ina bhfianaítear go bhfuarthas oiliúint ar cuireadh tús léi roimh an 1 Deireadh Fómhair 2003; | (***ii***) Diplomă de absolvire de asistent medical generalist le staidéar ardoideachais gearr-ama, ina bhfianaítear go bhfuarthas oiliúint ar cuireadh tús léi roimh an 1 Deireadh Fómhair 2003; ***nó*** |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2**
Treoir 2005/36/CE
Airteagal 33a – mír 2 – pointe c

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (***c***) Diplomă de licență de asistent medical generalist le staidéar ardoideachais fad-ama, ina bhfianaítear go bhfuarthas oiliúint ar cuireadh tús léi roimh an 1 Deireadh Fómhair 2003***.*** | (***iii***) Diplomă de licență de asistent medical generalist le staidéar ardoideachais fad-ama, ina bhfianaítear go bhfuarthas oiliúint ar cuireadh tús léi roimh an 1 Deireadh Fómhair 2003***;*** |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2**
Treoir 2005/36/CE
Airteagal 33 a – mír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***3. Tabharfaidh na Ballstáit aitheantas don fhianaise seo a leanas ar cháilíocht fhoirmiúil mar altra atá freagrach as cúram ginearálta:*** | |
| (a) an fhianaise ar cháilíocht fhoirmiúil ***dá dtagraítear i mír 2, chomh maith leis an bhfianaise ar cháilíochtaí foirmiúla ar*** | (***b)*** ***aon chuid den fhianaise ar cháilíochtaí foirmiúla*** a ***liostaítear i bpointí (ii***) ***agus (iii) de phointe (a), ar*** an |

***leibhéal iar-mheánoideachais a liostaítear faoi Airteagal 4 den Ordú ón Aire Oideachais Náisiúnta Uimh. 5114/2014 maidir le formheas na modheolaíochta chun an clár*** uasghrádaithe speisialta ***a eagrú, a sheoladh agus a chur i gcrích le haghaidh oiliúint tosaigh altraí atá freagrach as cúram ginearálta a fuarthas roimh an 1 Eanáir 2007 do chéimithe iar-mheánoideachais (Iris Oifigiúil na Rómáine Uimh. 5 an 6 Eanáir 2015), ar choinníoll go mbeidh ceachtar díobh seo a leanas ag gabháil leis an bhfianaise sin***:

***(b) fianaise ar cháilíochtaí foirmiúla a fuarthas ar bhonn cláir uasghrádaithe speisialta:***

***(i)*** Diplomă de licență dá dtagraítear in Airteagal 3(2) den Ordú Comhpháirteach ón Aire Oideachais Náisiúnta agus ón Aire Sláinte Uimh. 4317/943/2014 an 11 Lúnasa 2014 maidir le formheas an chláir uasghrádaithe speisialta le haghaidh oiliúint tosaigh altraí atá freagrach as cúram ginearálta a fuarthas roimh an 1 Eanáir 2007 do chéimithe iar-mheánoideachais agus ardoideachais (Iris Oifigiúil na Rómáine Uimh. 624 an 26 Lúnasa 2014), agus forlíonadh dioplóma ag gabháil leis ina luaitear gur chuir an mac léinn an clár uasghrádaithe speisialta i gcrích, nó

***gcoinníoll go bhfuil an*** fhianaise ***seo a leanas*** ar cháilíocht fhoirmiúil ***arna fáil ar bhonn an chláir speisialta*** uasghrádaithe ***cáilíochtaí*** speisialta:

Diplomă de licență dá dtagraítear in Airteagal 3(2) den Ordú Comhpháirteach ón Aire Oideachais Náisiúnta agus ón Aire Sláinte Uimh. 4317/943/2014 an 11 Lúnasa 2014 maidir le formheas an chláir uasghrádaithe speisialta le haghaidh oiliúint tosaigh altraí atá freagrach as cúram ginearálta a fuarthas roimh an 1 Eanáir 2007 do chéimithe iar-mheánoideachais agus ardoideachais (Iris Oifigiúil na Rómáine Uimh. 624 an 26 Lúnasa 2014), agus forlíonadh dioplóma ag gabháil leis ina luaitear gur chuir an mac léinn an clár uasghrádaithe speisialta i gcrích, nó

***(c) aon chuid den fhianaise ar cháilíochtaí foirmiúla ar leibhéal iar-mheánoideachais a liostaítear faoi Airteagal 4 den Ordú ón Aire Oideachais Náisiúnta Uimh. 5114/2014 maidir le formheas na modheolaíochta chun an clár speisialta uasghrádaithe cáilíochtaí a eagrú, a sheoladh agus a chur i gcrích le haghaidh oiliúint tosaigh altraí atá freagrach as cúram ginearálta a fuarthas roimh an 1 Eanáir 2007 do chéimithe iar-mheánoideachais (Iris Oifigiúil na Rómáine Uimh. 5 an 6 Eanáir 2015), ar choinníoll go bhfuil an fhianaise seo a leanas ar cháilíocht fhoirmiúil a fuarthas ar bhonn clár speisialta uasghrádaithe***

| | |
|---|---|
| | ***cáilíochtaí ag gabháil leis an bhfianaise sin:*** |
| ***(ii)*** Certificatul de revalorizare a competențelor profesionale dá dtagraítear in Airteagal 3(1) agus in Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an Ordú Comhpháirteach ón Aire Oideachais Náisiúnta agus ón Aire Sláinte Uimh. 4317/943/2014 an 11 Lúnasa 2014 agus in Airteagal 16 den Ordú ón Aire Oideachais Náisiúnta Uimh. 5114/2014 maidir le formheas na modheolaíochta chun an clár uasghrádaithe speisialta a eagrú, a sheoladh agus a chur i gcrích le haghaidh oiliúint tosaigh altraí atá freagrach as cúram ginearálta a fuarthas roimh an 1 Eanáir 2007 do chéimithe iar-mheánoideachais (Iris Oifigiúil na Rómáine Uimh. 5 an 6 Eanáir 2015).’**.** | Certificatul de revalorizare a competențelor profesionale dá dtagraítear in Airteagal 3(1) agus in Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an Ordú Comhpháirteach ón Aire Oideachais Náisiúnta agus ón Aire Sláinte Uimh. 4317/943/2014 an 11 Lúnasa 2014 agus in Airteagal 16 den Ordú ón Aire Oideachais Náisiúnta Uimh. 5114/2014 maidir le formheas na modheolaíochta chun an clár uasghrádaithe speisialta a eagrú, a sheoladh agus a chur i gcrích le haghaidh oiliúint tosaigh altraí atá freagrach as cúram ginearálta a fuarthas roimh an 1 Eanáir 2007 do chéimithe iar-mheánoideachais (Iris Oifigiúil na Rómáine Uimh. 5 an 6 Eanáir 2015).’***;*** |

*Rinneadh mír 3 d’Airteagal 33a a chumasc le mír 2.*

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 a (nua)**
Treoir 2005/36/CE
Airteagal 33 b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(2a) Cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:*** |
| | ***‘Airteagal 33b*** |
| | ***Bailíocht na gceart faighte a bhaineann go sonrach le haltraí atá freagrach as cúram ginearálta a cuireadh faoi oiliúint sa Rómáin a aithnítear faoin gcóras ginearálta aitheantais roimh ... [dáta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo]*** |
| | ***Ráthóidh na Ballstáit óstacha bailíocht aitheantais do cháilíocht na Rómáine mar altra atá freagrach as cúram ginearálta a deonaíodh de bhun Airteagail 10 go 14 den Treoir seo roimh ... [dáta theacht i*** |

***bhfeidhm na Treorach leasaithí seo] i gcás náisiúnaigh na mBallstát ar cuireadh oiliúint orthu mar altraí ginearálta atá freagrach as cúram ginearálta sa Rómáin agus nár chomhlíon na ceanglais seo a leanas:***

***(a) Airteagal 33(a) den Treoir seo sa leagan a bhí i bhfeidhm an 1 Eanáir 2007, nó***

***(b) Airteagal 33(a) den Treoir seo arna leasú le Treoir 2013/55/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a].***

---

***[1a] Treoir 2013/55/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an 20 Samhain 2013, lena leasaítear Treoir 2005/36/CE maidir le cáilíochtaí gairmiúla a aithint agus Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 maidir le comhar riaracháin trí Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh (‘Rialachán IMI’) (IO L 354, 28.12.2013, lch. 132)’;***

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tabharfaidh na Ballstáit na forálacha reachtacha, rialacháin nó riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, i bhfeidhm faoin [OP, cuir isteach an dáta: 1 bhliain tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo] ***ar a dhéanaí***. Cuirfidh siad téacs na ***bhforálacha*** sin in iúl don Choimisiún láithreach. | Tabharfaidh na Ballstáit na forálacha reachtacha, rialacháin nó riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, i bhfeidhm faoin **...** [OP, cuir isteach an dáta: 1 bhliain tar éis ***dháta*** theacht i bhfeidhm na Treorach seo]. Cuirfidh siad téacs na ***mbeart*** sin in iúl don Choimisiún láithreach. |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na ***forálacha*** sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh. | Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na ***bearta*** sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh. |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 2 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfaidh na Ballstáit téacs ***phríomhfhorálacha*** an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún. | 2. Déanfaidh na Ballstáit téacs ***príomhbhearta*** an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún. |

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Tá sé ríthábhachtach cáilíochtaí gairmiúla le haghaidh rochtain ar ghairmeacha rialáilte a aithint go tapa agus go héifeachtúil chun go n-oibreoidh saoirsí bunúsacha an mhargaidh inmheánaigh do shaoránaigh AE. Chun aitheantas a éascú do cháilíochtaí altraí atá freagrach as cúram ginearálta nár chomhlíon a gcáilíochtaí na híoscheanglais tráth an aontachais, tá clár uasghrádaithe curtha ar bun ag an Rómáin tar éis moladh a tugadh isteach in aithris 36 de Threoir 2013/55/AE lenar leasaíodh Treoir 2005/36/CE. D'áirithigh an Rómáin, dá bhrí sin, go gcomhlíonann leibhéil oiliúna altraí na híoscheanglais faoi Threoir 2005/36/AE. Is de chineál teicniúil an togra ón gCoimisiún agus tá sé comhsheasmhach le cur chuige comhchosúil a glacadh roimhe seo i gcás altraí agus cnáimhseach sa Pholainn.

Is díol sásaimh don Rapóirtéir an togra ón gCoimisiún, lena gcuirfear ar chumas céimithe ó chláir uasghrádaithe na Rómáine tairbhe a bhaint as cearta faighte gan an gá a bheith ann taithí ghairmiúil a chruthú. Níl ach athruithe teicniúla sa dréacht-tuarascáil chun soiléireacht an téacs a fheabhsú, gan a shubstaint a mhodhnú.

## IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

De bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an Rapóirtéir go bhfuair sí ionchur ó na heintitis nó ó na daoine a leanas le linn ullmhú na tuarascála go dtí go nglacfar sa choiste í:

| **Eintiteas agus/nó duine** |
| --- |
| Ceann Foirne, AS GROW, an Coimisiún Eorpach |

Rinneadh an liosta seo thuas a tharraingt suas faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara.

## AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Teideal** | lena leasaítear agus lena gceartaítear Treoir 2005/36/CE a mhéid a bhaineann le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí gairmiúla altraí atá freagrach as cúram ginearálta a cuireadh faoi oiliúint sa Rómáin |
| **Tagairtí** | COM(2023)0502 – C9-0324/2023 – 2023/0307(COD) |
| **Dáta tíolactha chun PE** | 1.9.2023 |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | IMCO<br>2.10.2023 |
| **Coistí ar iarradh tuairim orthu**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | EMPL CULT<br>2.10.2023 2.10.2023 |
| **Gan tuairim a thabhairt**<br>Dáta an chinnidh | EMPL CULT<br>19.9.2023 19.9.2023 |
| **Rapóirtéirí**<br>Dáta an cheapacháin | Adam Bielan<br>25.9.2023 |
| **Pléite sa choiste** | 9.10.2023 |
| **Dáta an ghlactha** | 28.11.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 39<br>–: 0<br>0: 2 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Andrus Ansip, Pablo Arias Echeverría, Laura Ballarín Cereza, Alessandra Basso, Adam Bielan, Biljana Borzan, Vlad-Marius Botoş, Anna Cavazzini, Dita Charanzová, Deirdre Clune, David Cormand, Sandro Gozi, Virginie Joron, Eugen Jurzyca, Włodzimierz Karpiński, Arba Kokalari, Marcel Kolaja, Kateřina Konečná, Andrey Kovatchev, Jean-Lin Lacapelle, Antonius Manders, Beata Mazurek, Leszek Miller, Anne-Sophie Pelletier, Miroslav Radačovský, René Repasi, Christel Schaldemose, Andreas Schwab, Tomislav Sokol, Ivan Štefanec, Róża Thun und Hohenstein, Tom Vandenkendelaere, Kim Van Sparrentak, Marion Walsmann |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Francisco Guerreiro, Ivars Ijabs, Kosma Złotowski, Marco Zullo |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | João Albuquerque, Petar Vitanov, Stefania Zambelli |
| **Dáta don chur síos** | 30.11.2023 |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 39 | + |
|---|---|
| ECR | Adam Bielan, Eugen Jurzyca, Beata Mazurek, Kosma Złotowski |
| ID | Alessandra Basso |
| NI | Miroslav Radačovský |
| PPE | Pablo Arias Echeverría, Deirdre Clune, Włodzimierz Karpiński, Arba Kokalari, Andrey Kovatchev, Antonius Manders, Andreas Schwab, Tomislav Sokol, Ivan Štefanec, Tom Vandenkendelaere, Marion Walsmann, Stefania Zambelli |
| Renew | Andrus Ansip, Vlad-Marius Botoş, Dita Charanzová, Sandro Gozi, Ivars Ijabs, Róża Thun und Hohenstein, Marco Zullo |
| S&D | João Albuquerque, Laura Ballarín Cereza, Biljana Borzan, Leszek Miller, René Repasi, Christel Schaldemose, Petar Vitanov |
| The Left | Kateřina Konečná, Anne-Sophie Pelletier |
| Verts/ALE | Anna Cavazzini, David Cormand, Francisco Guerreiro, Marcel Kolaja, Kim Van Sparrentak |

| 0 | - |
|---|---|
| | |

| 2 | 0 |
|---|---|
| ID | Virginie Joron, Jean-Lin Lacapelle |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh